Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Meán Fómhair 2024
(OR. en)

13258/24

LIMITE

ENV 871

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0469 (NLE)

PUBLIC

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le togra a thíolacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, chun Foscríbhinní II agus III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le caomhnú fhiadhúlra agus ghnáthóga nádúrtha na hEorpa a leasú agus maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontas , ag an 44ú cruinniú a bheidh ag Buanchoiste an Choinbhinsiúin sin |

**CINNEADH (AE) 2024/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir le togra a thíolacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh,**
**chun Foscríbhinní II agus III**
**a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le caomhnú fhiadhúlra agus ghnáthóga nádúrtha na hEorpa a leasú agus maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontas ,**
**ag an 44ú cruinniú a bheidh ag Buanchoiste an Choinbhinsiúin sin**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Coinbhinsiún maidir le caomhnú fhiadhúlra agus ghnáthóga nádúrtha na hEorpa[1] ('Coinbhinsiún Bheirn') i gcrích trí bhíthin Chinneadh 82/72/CEE[2] ón gComhairle agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 1982.

(2) De bhun Airteagal 17 de Choinbhinsiún Bheirn, tá an Buanchoiste a ghabhann le Coinbhinsiún Bheirn ('an Buanchoiste') in ann leasuithe ar na bhFoscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin a ghlacadh.

(3) De bhun Airteagal 17 de Choinbhinsiún Bheirn, ní mór leasuithe tograí a chur isteach 2 mhí ar a laghad roimh an gchruinniú a bheidh ag an mBuanchoiste an sprioc-am chun tograí maidir le leasú a thíolacadh. Tá an tAontas, mar Pháirtí Conarthach i gCoinbhinsiún Bheirn, in ann leasuithe ar na Foscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin a mholadh.

(4) I bhfianaise Mholadh Uimh. 56 (1997) ón mBuanchoiste maidir leis na treoirlínte atá le cur san áireamh agus tograí á ndéanamh chun Foscríbhinní I agus II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a leasú agus le linn leasuithe a ghlacadh áirítear tosca éiceolaíocha agus eolaíocha, mar atá stádas caomhantais, treochtaí pobail agus bagairtí, ar na breithnithe ábhartha maidir le speicis a liostú sna Foscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Bheirn.

[1] OJ L 38, 10.2.1982, lch. 3.
[2] IO L 38, 10.2.1982, lch. 1.



PUBLIC

(5) Leagtar amach in Airteagal 2 den Choinbhinsiún Bheirn cuspóir maidir le méid pobail fauna agus flóra fiáine a bhaint amach ‘a chomhfhreagraíonn go háirithe do cheanglais éiceolaíocha, eolaíocha agus chultúrtha, agus ceanglais eacnamaíocha agus áineasa á gcur san áireamh, agus leagtar amach ann an comhthéacs níos leithne le haghaidh bearta a dhéanann na Páirtithe Conarthacha . Is féidir an cuspóir sin a chur san áireamh agus leasú ar na Foscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Bheirn á mholadh.

(6) Tá treocht dhearfach léirithe ag stádas caomhantais an mhic tíre (*Canis lupus*) le roinnt deicheanna de bhlianta anuas. Tá téarnamh rathúil tagtha ar an speiceas ar fud mhór-roinn na hEorpa, tá leathnú suntasach tagtha ar a raon. Tá leibhéil suntasacha bainte amach ag méid a phobail, agus meastar gur tháinig méadú beagnach faoi dhó ar leibhéil phobail san Aontas le 10 mbliana anuas, ó 11 193 in 2012, go 20 300 in 2023. Léirítear sna tuarascálacha go bhfuil méadú leanúnach ag teacht ar leibhéil an phobail ar fud na mór-Roinne In ainneoin na mbagairtí atá fós ann ar an mac tíre, léiríonn téarnamh rathúil a phobal agus a raon méadaithe ar fud na mhór-Roinne le blianta beaga anuas inoiriúnaitheacht agus athléimneacht láidir an speicis.

(7) San am céanna, mar thoradh ar an méadú leanúnach atá ag teacht ar raon an mhic tíre san Eoraip agus ar a athchoilíniú ar chríocha nua, tá méadú tagtha ar na dúshláin shocheacnamaíocha maidir le cómhaireachtáil le gníomhaíochtaí daonna. Is é is cúis le sin, go háirithe, dochar do bheostoc atá ag leibhéil suntasacha anois, a bhfuil tionchar aige ar an iliomad réigiún agus Ballstát agus ar áiteanna níos faide i gcéin.

PUBLIC

(8) Leis na sonraí is déanaí maidir le méid an phobail ó mheasúnú 2022 ar stádas an mhic tíre a d’fhorbair an Tionscnamh Feoiliteoirí Móra don Eoraip le haghaidh Choinbhinsiún Bheirn agus ón mionanailís ar stádas an mhic tíre san Aontas ó 2023, cuirtear fianaise leordhóthanach ar fáil chun tacú le stádas cosanta an mhic tíre faoi Choinbhinsiún Bheirn a oiriúnú.

(9) Dá bhrí sin, is iomchuí leibhéal cosanta an mhic tíre a oiriúnú. Ba cheart an mac tíre, a liostaítear i bhFoscríbhinn II a ghabhann le Coinbhinsiún Bheirn, a bheith faoi réir na cosanta speiceas a eascraíonn as liostú i bhFoscríbhinn III a ghabhann le Coinbhinsiún Bheirn i dtaca le hAirteagal 7 den Choinbhinsiún sin.

(10) Leis an oiriúnú ar an leibhéal cosanta an speicis mac tíre, chuirfí le solúbthacht chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin shocheacnamaíocha mhéadaitheacha a bhaineann leis an mac tíre atá nasctha le leathnú leanúnach raon an mhic tíre san Eoraip agus lena athchoilíniú ar chríocha nua.

(11) Mar a fhoráiltear i Moladh Uimh. 163 (2012) ó Bhuanchoiste Choinbhinsiún Bheirn, a glacadh an 30 Samhain 2012, maidir le pobail feoiliteoirí móra atá ag leathnú san Eoraip a bhainistiú, moltar do na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Bheirn comhoibriú de réir mar is iomchuí le stáit eile a bhfuil na pobail chéanna acu, agus é de chuspóir acu na pobail a choinneáil sláintiúil agus stádas caomhantais fabhrach a choimeád. Tá comhar den sórt sin, lena mbaineann cómhaireachtáil agus bearta cosanta, riachtanach agus ábhartha i gcónaí má tá an mac tíre liostaithe i bhFoscríbhinn III a ghabhann le Coinbhinsiún Bheirn.

PUBLIC

(12) Dá bhrí sin, d'fhonn ullmhúchán a dhéanamh don 44ú cruinniú de Bhuanchoiste an Choinbhinsiúin, atá le bheith ar siúl in 2024, ba cheart don Aontas togra a thíolacadh chun Foscríbhinn II agus III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Bern a leasú tríd an mac tíre (*Canis lupus*) a bhaint d'Fhoscríbhinní II agus é a liostú faoi Fhoscríbhinn III. Ba cheart don Choimisiún an togra sin a chur in iúl do Rúnaíocht Choinbhinsiúin Bheirn.

(13) Is iomchuí freisin an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 44ú cruinniú den Bhuanchoiste a bhunú, mar beidh aon chinneadh lena leasaítear na Foscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Bern ina gceangal ar an Aontas.

(14) Ba cheart don Aontas tacú leis an leasú atá beartaithe chun an speiceas mac tíre (*Canis lupus*) a bhaint d'Fhoscríbhinn II a ghabhann le Coinbhinsiún Bheirn agus é a liostú faoi Fhoscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:



PUBLIC

*Airteagal 1*

1. I bhfianaise an 44ú cruinniú de Bhuanchoiste Choinbhinsiún Bheirn ('an Buanchoiste'), tíolacfaidh an tAontas togra chun an mac tíre (*Canis lupus*) a bhaint d'Fhoscríbhinn II ('speicis fána faoi dhianchosaint') a ghabhann le Coinbhinsiún Bheirn agus chun é a chur le Foscríbhinn III ('speicis fána faoi chosaint') a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin.

2. Cuirfidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais, an togra dá dtagraítear i mír 1 in iúl do Rúnaíocht Choinbhinsiún Bheirn.

*Airteagal 2*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais **ag** an 44ú cruinniú de Bhuanchoiste tacú leis an speiceas mac tíre (*Canis lupus*) a bhaint d'Fhoscríbhinn II a ghabhann le Coinbhinsiún Bheirn agus é a chur le Foscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin.

*Airteagal 3*

I bhfianaise forbairtí ag an 44ú cruinniú de Bhuanchoiste an Choinbhinsiúin, féadfaidh ionadaithe an Aontais, i gcomhairle leis na Ballstáit le linn cruinnithe comhordaithe ar an láthair, mionchoigeartú a chomhaontú ar an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 2, gan aon chinneadh eile ón gComhairle.

PUBLIC

*Airteagal 4*

. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

PUBLIC